

Ainm: _____



An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior CYCLE

for teachers

Cnuasghrúpa 2019 / 2020 a reáchtáil

Teicneolaíocht an Adhmaid



An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills



www.jct.ie

Measúnuithe Rangbhunaithe sa Teicneolaíocht Adhmaid

Is ann do dhá Mheasúnú Rangbhunaithe sa Teicneolaíocht Adhmaid. Déantar iad a mheasúnú ar leibhéal comóntha. Baineann siad leis na torthaí foghlama agus tugann an scoláire fúthu laistigh de thréimhse shonraithe ama le linn am teagmhála ranga de réir amchlár náisiúnta (arna chur in iúl ag CNCM) i rith an fhéilire scoile. Cuirfear an tráthchlár seo le haghaidh na Measúnuithe Rangbhunaithe le haghaidh gach ábhair ar fáil gach bliain ar www.ncca.ie/ga/an-tsraith-shóiseacharach agus www.curriculumonline.ie/Junior-cycle. Tugtar breac-chuntas ar na Measúnuithe Rangbhunaithe agus an sceideal táscach le haghaidh na Teicneolaíochta Adhmaid i dTábla 1 thíos.

Measúnuithe Rangbhunaithe	Leagan amach	Uillmhúchán an scoláire
Eolaíocht adhmaid inár dtimpeallacht	Iniúchadh agus cur i láthair maidir le topaic a bhaineann le heolaíocht adhmaid	I rith trí seachtaine ar a mhéad, le tacaíocht/treoir ón múinteoir
Bliain 2	Is féidir an fhreagairt a chur i láthair i réimse leathan leaganacha amach Is féidir le scoláirí comhoibriú le chéile, ach ní mór do gach scoláire píosa oibre aonair a chur i láthair	
Féin-anailís agus measúnú an scoláire	Anailís aonair ar a chuid scileanna féin	I rith trí seachtaine ar a mhéad, le tacaíocht/treoir ón múinteoir
Bliain 3	Is féidir an fhreagairt a chur i láthair i réimse leathan leaganacha amach	

Tábla 1: Measúnuithe Rangbhunaithe sa Teicneolaíocht Adhmaid

Measúnú Rangbhunaithe 1: Eolaíocht adhmaid inár dtimpeallacht

Trí Eolaíocht adhmaid inár dtimpeallacht soláthraítear deiseanna don scoláire páirt a ghlacadh in eispéisí foghlama phraiticiúla, bharántúla trína dtugtar taithí dó ar shaincheist a bhaineann le heolaíocht adhmaid a iniúchadh laistigh de chomhthéacs áitiúil/domhanda. Leis an Measúnú Rangbhunaithe iarrfar ar an scoláire taighde agus anailís a dhéanamh agus conclúidí a bhaint maidir lena thorthaí.

Tá an rogha ag an scoláire suíomh a roghnú ar dtús ina ndéanfaidh sé a chuid taighde a bhunú agus ansin beifear ag súil go ndéanfaidh sé spreagthach a bhaineann le heolaíocht adhmaid a shainaithint dá Mheasúnú Rangbhunaithe.

Ba cheart don scoláire a Mheasúnú Rangbhunaithe a struchtúrú ar na bealaí seo a leanas:

- **taighde agus anailís**
- **coincheapa agus cur i bhfeidhm**
- **measúnú ar a thorthaí**
- **a Mheasúnú Rangbhunaithe a chur in iúl.**

Déanfaidh an scoláire céimeanna éagsúla an Mheasúnaithe Rangbhunaithe a thaifeadadh trí loga foghlama a chuirfear i láthair mar chuid dá thaisceadh deiridh. Is féidir an loga foghlama a tháirgeadh i bhformáid oriúnach, rud a dhéanfar a chinneadh i gcomhaontú leis an múinteoir, lena ndéantar obair an scoláire a thaifeadadh ar feadh an Mheasúnaithe Rangbhunaithe. Is féidir leis an scoláire samhaltáin, déantáin, agus aon fhoirm eile fianaise a chur i láthair a bheidh ag gabháil leis an loga foghlama d'fhonn a chuid torthaí a chur in iúl tuilleadh má mheasann sé go bhfuil gó leis sin.

Beidh na torthaí foghlama ar a ndéanfar measúnú ag brath, a bheag nó a mhór, ar an topaic a roghnófar agus ar na meáin ina gcuirfear an obair i láthair.



Fianaise ar fhoghlaim

Iarrtar ar an scoláire fianaise ar fhoghlaim a thaifeadadh óna Mheasúnú Rangbhunaithe agus loga foghlama aonair á úsáid. Is féidir an taifead foghlama a chur i dtoll a chéile i cibé leagan amach atá oiriúnach chun smaointe an scoláire a ghabháil. Mar shampla:

- I scríbhinn, amhail tuarascáil
- I bhfoirm dhigiteach, amhail blag, físeán nó cur i láthair le sleamhnáin
- I bhfoirm amhairc, amhail cur i láthair grafach nó taispeántas
- I bhfoirm fuaim, amhail podchraoladh nó guthú

Ní liosta uileghabhálach é seo, níl ann ach samplaí den chaoi a bhféadfaí an taifead foghlama a fhorbairt. Is féidir leis an scoláire samhaltáin nó fréamhshamhlacha a chur i láthair mar chuid dá thaisceadh d'fhoí tacú lena loga foghlama.

Teicneolaíocht Adhmaid na Scráithe Sóisearaí, Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe, lgh 15

Nótaí

Scan cód / cliceáil le dul chuig
Treoirlínte Measúnaithe do
Theicneolaíocht an Adhmaid



An leibhéal gnóthachtála a chinneadh: Eolaíocht adhmaid inár dtimpeallacht

Is ann do cheithre thuairisceoir leibhéal gnóthachtála do gach Measúnú Rangbhunaithe: Thar barr ar fad, Os cionn na n-ionchas, Ag teacht leis na hionchais, agus Níor chomhlíon na hionchais go fóill. Meastar go dtagann an obair ar fad a chuirtear isteach le ceann de na ceithre thuairisceoir sin. Úsáideann an múinteoir na Gnéisithe Cailíochta, a leagtar amach sna treoirlínte seo, leis an leibhéal gnóthachtála a mheas i ngach Measúnú Rangbhunaithe.

Na Gnéisithe Cailíochta: Eolaíocht adhmaid inár dtimpeallacht

Thar barr ar fad

Saothar ina léirítear na Gnéisithe sin ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is éasca don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm.

- Léiríodh le modh an taighde a roghnaíodh comparáid idir raon foinsí a raibh táirgeadh anailíse cuimsithí agus mionsonraithe ar na sonraí/torthaí mar thoradh air.
- Forbraíodh an topaic a roghnaíodh ar bhonn criticiúil trí choinchéapa malartacha a chur i gcomparáid le chéile i gcoibhneas na topaice agus áiríodh leis breithnithe doimhne maidir le saincheist áitiúil nó dhomhanda.
- Bhí fianaise ar mheasúnú criticiúil ann ar feadh an taisc a raibh mionleasuithe ag céimeanna éagsúla mar thoradh air agus conclúidí fiúntacha agus cruinne lena ndéantar feidhmeanna sa todhchaí a threorú mar thoradh orthu siúd.
- Tá cur i láthair na dtorthaí ar chaighdeán sármhaith; agus úsáid á baint as meán ard-éifeachtach lena raibh deis machnamh criticiúil a dhéanamh ar an bhfaisnéis lena gcuirtear an tasc in iúl ar an mbealach is fearr.

Os cionn na n-ionchas

Saothar ina léirítear na Gnéisithe sin go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D'fhéadfadh sé go dtabharfaí aiseolas gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné airithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur uirthi, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán.

- Bhí modh an taighde a roghnaíodh éifeachtach don topaic agus gineadh leibhéal grinn anailíse leis ar na sonraí/torthaí.
- Rinneadh an topaic a roghnaíodh a bheachtú tar éis machnamh ardleibhéal a dhéanamh ar choinchéapa malartacha agus bhí naisc láidre aige le saincheist áitiúil nó dhomhanda.
- Tá measúnú na dtorthaí ar ardleibhéal, le roinnt conclúidí ábhartha agus cruinne lena mbeifear ina ann feidhmeanna sa todhchaí a threorú.
- Cuirtear na torthaí i láthair ar chaighdeán an-ard, agus meán éifeachtach á úsáid, le machnamh cúramach ar an bhfaisnéis lena gcuirtear an tasc in iúl go cruinn.

Teicneolaíocht Adhmaid na Scráithe Sóisearaí, Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe, lgh 16

Scan cód / cliceáil le dul chuig
Treoirlínte Measúnuithe do
Theicneolaíocht an Adhmaid



Na Gnéisithe Cáilíochta: Eolaíocht adhmaid inár dtimpeallacht

Ag teacht leis na hionchais

Saothar ina léirítear formhór na nGnéisithe sin go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó.

- Bhí modh an taighde a roghnaíodh iomchuí don topaic agus gineadh roinnt anailíse leis ar na sonraí/torthaí.
- Rinneadh an topaic a roghnaíodh a fhorbairt agus tagairt á déanamh do roinnt coincheap malartach agus bhí ábharthacht éigin aige do shaincheist áitiúil nó dhomhanda.
- Bhí an measúnú iomchuí; tá na conclúidí gearr agus áirítear leo roinnt moltaí maidir le feidhmeanna ionchasacha don todhchaí.
- Cuirtear na torthaí i láthair go maith, agus meán iomchuí á úsáid, le machnamh cúramach ar an bhfaisnéis a chuirfear in iúl chun an tasc a thaispeáint ar an mbealach is fearr

Níor chomhlíon na hionchais go fóill

Saothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na nGnéisithe a bhaineann leis. B'fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na dearmaid bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart.

- Bhí modh an taighde a roghnaíodh don topaic neamhéifeachtach agus níl mórán téagair san anailís ar na sonraí/torthaí.
- Áiríodh tuiscint choincheapúil éigin leis an topaic a roghnaíodh ach is beag ábharthacht a léiríodh nó níor léiríodh ábharthacht ar bith leis do shaincheist áitiúil nó dhomhanda.
- Is beag a thraigtear mar chonclúidí ní thraigtear conclúidí ar bith le measúnú na dtorthaí agus ní dhéantar aon moltaí maidir le feidhmeanna ionchasacha don todhchaí.
- Cuirtear na torthaí i láthair i bhformáid neamhoiriúnach agus mar thoradh air sin cuirtear an Measúnú Rangbhunaithe in iúl go neamhéifeachtach.

Teicneolaíocht Adhmaid na Scraithe Sóisearáí, Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe, lgh 17

Nótaí

Scan cód / cliceáil le dul chuig
Treoirlínte Measúnaithe do
Theicneolaíocht an Adhmaid



Measúnú Rangbhunaithe 2: Féin-anailís agus measúnú an scoláire

Tugann **Féin-anailís agus measúnú an scoláire** deis don scoláire anailís a dhéanamh ar an obair chúrsa a rinne sé agus ar na scileanna atá aige go dtí seo sa Teicneolaíocht Adhmaid. Díreoidh an scoláire an anailís agus an measúnú ar réimse tascanna a rinneadh nó ar thasc críochnaithe ar leith. Beifear ag suíl go ndéanfadh an scoláire athbhreithniú criticiúil ar an dul chun cinn a rinne sé agus go sainaithneodh sé réimsí ina bhfuil sé láidir agus réimsí arbh fhéidir leis feabhas a chur orthu, ag féachaint le bonn eolais a chur faoina obair do thionscadal Choimisiún na Scrúduithe Stáit.

Is é an tábhacht a bhaineann leis an dara Measúnú Rangbhunaithe, **Féin-anailís agus measúnú an scoláire**, go bhfaigheann an scoláire deis a bheith ag cleachtadh le machnamh a dhéanamh ar na cumais atá aige roimh thosú ar phíosa oibre. Nuair a bheidh an fhéinanalís déanta ag an scoláire, ní mór dó an anailís a léirmhíniú agus na torthaí a mheasúnú mar threoir chuiditheach don tionscadal a bheidh le déanamh go luath. Féadfaidh an scoláire meáin oriúnacha ar bith a ghabhann an próiseas a úsáid chun an próiseas féinanalíse agus measúnaithe a chur in iúl. Chun cuidiú lena chur chuige a struchtúrú maidir leis an Measúnú Rangbhunaithe, ba cheart don scoláire a chuid oibre a dhíriú ar na bealaí seo a leanas:

- gnéithe den obair chúrsa a shainaithe
- machnamh ar an bhfoghlaim
- a Mheasúnú Rangbhunaithe a chur in iúl.

Beidh na torthaí foghlama ar a ndéanfar measúnú ag brath, a bheag nó a mhór, ar an topaic a roghnófar agus ar na meáin ina gcuirfear an obair i láthair.

Teicneolaíocht Adhmaid na Scraithe Sóisearai, Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe, lgh 20

D'fhonn ullmhú **d'Fhéin-anailís agus do mheasúnú an scoláire** de chuid an Mheasúnaithe Rangbhunaithe, ba cheart don scoláire roinnt fianaise a choinneáil ar thionscadail a chuir sé i gcrích ar feadh na chéad bliana nó na dara bliana, nó sa dá bhliain araon, chun spreagadh tacúil a sholáthar dó d'fhonn a anailís agus a mheasúnú a dhéanamh. I dtaca leis an bhfianaise sin, ní gá don scoláire an tionscadal fisiciúil a choinneáil seachas gnéithe den obair a bheadh ina gcuidiú leis an scoláire chun an Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích

Teicneolaíocht Adhmaid na Scraithe Sóisearai, Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe, lgh 24

Nótaí

Scan cód / cliceáil le dul chuig
Treoirlínte Measúnaithe do
Teicneolaíocht an Adhmaid



Aimh an Scoláire: _____

Teideal an Tionscadail: _____



1. Cuspóir an taighde:

4. An raibh do chuid foinsí iontaofa?

5. Ar chuir ceann ar bith de na torthai ionadh ort?

(Cuir isteach grafaicí más cui)

2. Cén cinn taighde é? _____

Priomha:

Tánaiste:

3. Cad iad na torthai a fuair tú?

6. Ar daithe ar chuid tortha id iad na mhthuairími atá agat ón tionscadal seo?

(Cuir isteach tsí / iomhánrás cui)

Gníomhaíocht

Ráitis aiseolais

Machnaigh orthu seo agus ansin ticeáil iad siúd a mheasann tú atá ina samplaí d'aiseolas foirmitheach maith.

Inis dúinn tuilleadh. Cad é leis a bhfuil siad cosúil? Conas a bhogann siad?

Réalta óir

Mínigh cén fáth a síleann tú é sin

Conas a shíleann tú a mhothaigh sé?
Feargach nach raibh muinín ag
daoine ann?

Feargach leis féin as bréaga a
insint san am atá thart?

Obair ghalánta, shlachtmhar

Maith thú féin!!

Luaigh tú go soiléir dóigh amháin
a dtiocfadh seandálaí ar shuíomh.
An bhfuil bealaí eile ann?

Forbair na smaointe sin beagán
níos mó

Mínigh an dreach atá ar a ghnúis

Go maith, ach níl sé seo chomh
maith le ceann do dheardhár!

Cá bhfios duit...?

Caithfidh tú iarracht níos mó a
dhéanamh

An chéad áit sa rang

Triail focal acu seo nó ceann de
do chuid féin in áit dona –fíochmhar,
scáfar, mioscaiseach

Léaráid ar dóigh

Is scothscoláire thú

10/10

Thaispeáin sé dom gur cara
maith é nuair a ... (críochnaigh
an abairt seo)

Thug tú cur síos an-réalaíoch ar
an dochar a dhéanann crith talún.
Chun do chuid oibre a fheabhsú,
ní mór duit na príomhthéarmaí
uile a chur isteach. Amharc siar ar
an liosta go bhfeicfidh tú na cinn
a d'fhág tú ar lár.

Cé na comharthaí de chreimeadh
cósta a chonaic tú ar do thuras
allamuigh? M.sh. creimeadh
carraige, aillte ag titim, damáiste
struchtúrtha ar bhallaí, srl.

NCCA Fócas ar an bhFoghlaim, Ceardlann 03, lgh 7

Scan cód / cliceáil le dul
chuig Leabhrán CNCM
ar Aiseolas Foirmitheach



Gníomhaíocht

Critéir Ratha... Conas atá ag éirí linn?

Bí ag obair i d'aonar nó le páirtí agus ansin pléigh a fheabhas a d'fhorbair tú do chleachtas ranga trí critéir ratha a úsáid.

Cuir soilse tráchta le do fhreagraí ar na ceisteanna thíos ag úsáid an chóid seo:

I gcónaí

Uaireanta

Riamh



Nuair a shocraím tascanna comhroinnim critéir ratha le mo scoláirí

Bíonn na critéir ratha naschta leis an intinn foghlama

Bíonn na critéir ratha sainiúil agus coincreíteach

Bíonn tuiscint shoiléir ag na scoláirí ar na critéir ratha

Pléim na critéir ratha leis na scoláirí agus aontaímid iad le chéile

Úsáidim na critéir ratha do thascanna mar bhonn le haghaidh aiseolas a thabhairt do scoláirí ar na tascanna sin

Úsáidim na critéir ratha chun tacú le piarmheasúnú agus/nó féinmheasúnú scoláirí

Athbhreithním intinní foghlama le linn an cheachta agus ag deireadh an cheachta

NCCA Fócas ar an bhFoghlaim, Ceardlann 01, lgh 10


Scan cód / cliceáil le dul chuig Leabhrán CNCM ar Aiseolas Foirmitheach




Ainm an Scoláire: _____ Dáta: _____

Tasc / Fadhb dhearaidh: (Spreagthach)

Tharla longbhriseadh do dhuine ar oileán tréigthe. Níl aon dóigh acu le cumarsáid a dhéanamh leis an domhan sibhialta. An t-aon seans atá acu maireachtail ‘árthach’ de chineál éigin a thógáil lena slí a dhéanamh abhaile. Ní thig leo a úsáid ach na hábhair atá ar fáil dóibh ar an oileán.



<i>Comhpháirt</i>	<i>Cainníocht</i>	<i>Tiús (mm)</i>	<i>Leithead(mm)</i>	<i>Fad(mm)</i>
Píosaí A & B		20mm	44mm	
Píosaí C & D				
Píosa E				
Crann		Ø9mm		
Seol				



Tasc

Samhláigh gur tharla longbhriseadh duit ar an oiléán agus gur gá duit árthach / bád / rafta a thógáil le dul abhaile. Ag úsáid an ábhair a thugtar, dear agus tóg samhail de shoitheach oiriúnach a chuirfidh ar do chumas éalú ón oiléán tréigthe. Is gá go mbeadh modhanna siúntála oiriúnacha i do réiteach chun seasmhacht an árthaigh a chinntíú. Is féidir na píosaí sin a ghearradh, a mhúnlú agus a shiúntáil i slí ar bith chun do dhearadh a fhíorú. Is gá gur le seol a rithfidh an dearadh, .i. gan inneall ná maidí rámha..

1. Pointe Machnaimh:

Cad é atá iarrtha orm a dhéanamh?



Critéir Rathá

Cad é a chuirfidh rath ar an dearadh seo?

2. An bhfuil aon ghné den fhadhb ar gá dom níos mó a fháil amach fúithi?

Cruth?



Struchtúr?



Cobhsaíocht?




3. Pointe Machnaimh: Úsáid an spás seo i do leabhar nótaí chun aon eolas breise a chlárú a chabhróidh leat do réiteach a dhearadh

Le húsáid le EFG Theicneolaíocht an Adhmaid 2019 / 2020

4. Mo riár scileanna

Ar dhear mé an tionscadal de réir mo chumais agus mo thacar sainscileanna Theicneolaíocht an Adhmaid? An bhfuil aon chuid de mo dheardadh a thabharfadh orm scileanna nua a fhorbairt?




5. Plean Oibre

Leag amach do phlean oibre chun do thionscadail a dhéanamh; cén seicheamh atá tú ag brath a leanúint lena dhéanamh?

Le húsáid le EFG Theicneolaíocht an Adhmaid 2019 / 2020

6. Cad iad na siúntaí a úsáidfidh tú i do thionscadal? Cé na fórsaí nó an brú a gcaithfidh an siúnta cur ina choinne?
- Sceitseáil sa spás thíos na siúntaí thíos atá tú ag brath a úsáid.



Critéir Rathá

Cad é a léiríonn go bhfuil éifeacht le siúnta?

7. An é an cineál siúnta a roghnaíodh an ceann is fearr sa chás seo? An ndéanann sé an dearadh cobhsaí? an bhfuil rogha nó dóigh níos fearr ann leis an siúnta a dhaingniú níos mó?

8. Pointe Machnaimh: An bhfuil mo smaoineamh dearaidh soiléir? An réitíonn sé an fadhb a tugadh ag an tú?



Múinteoir Ranga: JCT4 Foireann Theicneolaíochta an Adhmaid Pleanáil digitíteach do Techneolaíocht an Adhmaid		Grúpa Ranga: An chéad bhláin Albreán / Bealtaine	
Aonad: Dúsháinn Deargach / Smaointeoireacht		Dáta Tosaigh: 01/04/2020	
<p>Fad: 15 x tréimhse 40 nómáid</p> <p>PRÍOMHFHOGHLAIM:</p> <p>Aibreas / Aibreas / Bealtaine den Chéad Bhainteán den Chéad Bhaisin RÉAMHFHOGHLAIM:</p> <p>Bunscoileanna binse, feiruit, leathait croscach, T-leathait, bunscocleanna scraitseála</p> <p>FÓCAS MA FOGLAMA:</p> <p>Ardscileanna binse, smaointeoiríreacht dearaidh a chur i láthair: Bhainteán den Chéad Bhaisin spreagadh chun machnamh a dhéanamh ar a gcuid foghlama</p> <p>SMÁITHREANNA AGUS GNÉITHE A PHIOSRÚ:</p> <p>Is iad Smáithe 1 agus Smáithe 2 an rócas anseo</p>	<p>CAD É AN TAITHÍ A BHEIDH AG SCOLÁIRI AR AN BHFOGHAILM SEO?</p> <p>Sceitseáil, ag usáid taighde chun cabhrú leis an Gníomhaireacht.</p> <p>Réiteach a dhearadh agus a chroíthú d'fhadhb a thugtar.</p> <p>MEASÚINU LEAMÚNACH</p> <p>Taighde a dhéanamh ar son cuspóire, conas úsáid bheant ar eolais, machnamh a dhéanamh ar a gcuid torthas agus iad a mhíess.</p> <p>Ardscileanna binse:</p> <p>Marcáil, sábhach, síseáid, teicniúil siúntála, a dtuiscint ar an abhar a iarrú</p> <p>BRIATHRA GNÍMH</p> <p>Cuir i bhfeidhm: fáineas agus/nó eolais agus tuiscint a roghnú agus a úsáid chun cas tuigthe nó forchúinisi a mhiniú.</p> <p>Léirigh (Cuir in iúl): rud a thabhairt chun cuimhne 50 soláir agus go minne tri úsáid a bhaint as cur sios nó samhlaiocht.</p> <p>Fiosraigh: smaoineamh nár labhairt fai rud éigin chun tuillteadh eolais a fháil ina leith</p> <p>TORTHAÍ FOGLAMA</p> <p>1.8 eolais agus scileanna i réimse priosnábal, príoseas agus teicniú cui istá annto cheana féin agus stá arm cheana féin agus atá ag teacht chun cinn a chur i bhfeidhm 1.9 priosnábal ná sármhaítheacha ceardlochta s leiní trí thascannna agus déantaín a dhearadh agus a bhaint amach</p> <p>2.1 feithimhneann déantaith a thiontu</p> <p>2.2 feithimhneann smaointeoiríreacht a bhainistiú chun teacú le príoseas dearsach atáisíach</p> <p>2.6 sceitseáil agus samhlaiocht a dhéanamh, a thogáil ná a mhonaí ó chomhphobail ná ó amháin hair</p> <p>2.14 inúcháin a dhéanamh ar an gcaoi a húaid ábhair a roghnú agus drámaí a chinniú</p>	<p>ACMHAINNÍ:</p> <p>Ag úsáid chomhphobail do cheanra rang a bhí ní ok na modholaíochta agus na haistíneoireachta a thabhairt le scailint taithí a tháinig ar na turthai foghlama.</p> <p>Gníomhaíocht aon meastú ag teacht has na turthai foghlama agus lena manamh grinn.</p> <p>CAD É AN TAITHÍ A BHEIDH AG SCOLÁIRI AR AN BHFOGHAILM SEO?</p> <p>Sceitseáil, ag usáid taighde chun cabhrú leis an Gníomhaireacht.</p> <p>Réiteach a dhearadh agus a chroíthú d'fhadhb a thugtar.</p> <p>MEASÚINU LEAMÚNACH</p> <p>1.8, 1.9 A réiteach a thíorú ag úsáid scileanna saibhmeoireachta eis agus ghnáthma cheana féin i dtonscasail.</p> <p>2.1, 2.2, Tosaí le plé grúpa ar an gcaoi is fearr chun na píosaí a chomhmeasú agus a cheangal.</p> <p>2.6 sceitseáil tháirgeadh chun cabhrú le réamhfhoghlaim agus cinní dearaidh. Ósáid a bhaint as taighde a chuir scoláirí i láthair ar bhileog chun cabhrú lena dtonchar / smaointeoiríreacht.</p> <p>2.14, Gan ach an t-ábhar atá rugtha don tasc a úsáid chun an réiteach is fearr ina dtuairim a dhearadh agus a dhéanamh iarsmí an mheadí is lú diomach abhair</p> <p>Uile— breathnóireacht an mhúinteora</p> <p>Uile— brí Bileog obaire a chomhláin, uirlisí a úsáid go cruin agus go sábháilte sa cheardáin, eathnóireacht an mhúinteora</p> <p>MODHEOLAÍOCHTAÍ</p> <p>Obair grúpa</p> <p>CONAS A BHRAITHFIDH SCOLÁIRÍ NA TORTHAÍ FOGLAMA?</p> <p>2.4, 2.2, Comhrá Grúpa. Eolais riúntaíochta ar bith a pléadh as Ghruupa a úsáid chun cabhrú leo a scéalaí / smaoineamh agus cinní a chruith. Gairis – fóin / táblaíodh a úsáid i mbíerteanna chun taighde a dhéanamh ar réimsíne a bhí fail mios mór solais ag teastáil</p> <p>2.6, sceitseáil Ghruíunt chun a gcuid smaointe dearaidh a chur in iúl</p> <p>2.14, Ósáid spáreáisteach a dhaint as ábhar a chuireart ar fáil agus san am céanna freagra a thabhairt ar an bpointeoireachd dhearsaíodh 1.8, 1.9, an dearaidh eucu a thionróid trí phróisis agus scileanna a carnadh i dtonscasail roimhe seo a chur i bhfeidhm</p> <p>Measúinú</p> <p>Fionú an réitigh dhearsaíoch curtha i láthair le bileog obaire an scoláire</p> <p>MACHNAIMH:</p> <p>Clicéil ná téig anseo chun téacs a chur isteach.</p> <p>Eriúthra Gnímh</p>	<p>Múinteoir Ranga: JCT4 Foireann Theicneolaíochta an Adhmaid Pleanáil digitíteach do Techneolaíocht an Adhmaid</p> <p>Aonad: Dúsháinn Deargach / Smaointeoireacht</p>
13	<p>Aois; ceim agus reamhfhoghlaim do scoláirí a chur san áireamh Cén foghlaim ar mhíleath lim dírit iarthar? Na scileanna agus na gníomhaíochtaí ar aghaidh a bhíonn agus torthaí foghlame a roghnú.</p> <p>PRÍOMHFHOGHLAIM:</p> <p>Aibreas / Aibreas / Bealtaine den Chéad Bhainteán den Chéad Bhaisin RÉAMHFHOGHLAIM:</p> <p>Bunscoileanna binse, feiruit, leathait croscach, T-leathait, bunscocleanna scraitseála</p> <p>FÓCAS MA FOGLAMA:</p> <p>Ardscileanna binse, smaointeoiríreacht dearaidh a chur i láthair: Bhainteán den Chéad Bhaisin spreagadh chun machnamh a dhéanamh ar a gcuid foghlama</p> <p>SMÁITHREANNA AGUS GNÉITHE A PHIOSRÚ:</p> <p>Is iad Smáithe 1 agus Smáithe 2 an rócas anseo</p>	<p>CAD É AN TAITHÍ A BHEIDH AG SCOLÁIRI AR AN BHFOGHAILM SEO?</p> <p>Sceitseáil, ag usáid taighde chun cabhrú leis an Gníomhaireacht.</p> <p>Réiteach a dhearadh agus a chroíthú d'fhadhb a thugtar.</p> <p>MEASÚINU LEAMÚNACH</p> <p>Taighde a dhéanamh ar son cuspóire, conas úsáid bheant ar eolais, machnamh a dhéanamh ar a gcuid torthas agus iad a mhíess.</p> <p>Ardscileanna binse:</p> <p>Marcáil, sábhach, síseáid, teicniúil siúntála, a dtuiscint ar an abhar a iarrú</p> <p>BRIATHRA GNÍMH</p> <p>Cuir i bhfeidhm: fáineas agus/nó eolais agus tuiscint a roghnú agus a úsáid chun cas tuigthe nó forchúinisi a mhiniú.</p> <p>Léirigh (Cuir in iúl): rud a thabhairt chun cuimhne 50 soláir agus go minne tri úsáid a bhaint as cur sios nó samhlaiocht.</p> <p>Fiosraigh: smaoineamh nár labhairt fai rud éigin chun tuillteadh eolais a fháil ina leith</p> <p>TORTHAÍ FOGLAMA</p> <p>1.8 eolais agus scileanna i réimse priosnábal, príoseas agus teicniú cui istá annto cheana féin agus stá arm cheana féin agus atá ag teacht chun cinn a chur i bhfeidhm 1.9 priosnábal ná sármhaítheacha ceardlochta s leiní trí thascannna agus déantaín a dhearadh agus a bhaint amach</p> <p>2.1 feithimhneann déantaith a thiontu</p> <p>2.2 feithimhneann smaointeoiríreacht a bhainistiú chun teacú le príoseas dearsach atáisíach</p> <p>2.6 sceitseáil agus samhlaiocht a dhéanamh, a thogáil ná a mhonaí ó chomhphobail ná ó amháin hair</p> <p>2.14 inúcháin a dhéanamh ar an gcaoi a húaid ábhair a roghnú agus drámaí a chinni</p>	<p>Dáta Tosaigh: 01/04/2020</p> <p>Fad: 15 x tréimhse 40 nómáid</p> <p>ACMHAINNÍ:</p> <p>Ag úsáid chomhphobail do cheanra rang a bhí ní ok na modholaíochta agus na haistíneoireachta a thabhairt le scailint taithí a tháinig ar na turthai foghlama.</p> <p>Gníomhaíocht aon meastú ag teacht has na turthai foghlama agus lena manamh grinn.</p> <p>CAD É AN TAITHÍ A BHEIDH AG SCOLÁIRI AR AN BHFOGHAILM SEO?</p> <p>Sceitseáil, ag usáid taighde chun cabhrú leis an Gníomhaireacht.</p> <p>Réiteach a dhearadh agus a chroíthú d'fhadhb a thugtar.</p> <p>MEASÚINU LEAMÚNACH</p> <p>1.8, 1.9 A réiteach a thíorú ag úsáid scileanna saibhmeoireachta eis agus ghnáthma cheana féin i dtonscasail.</p> <p>2.1, 2.2, Tosaí le plé grúpa ar an gcaoi is fearr chun na píosaí a chomhmeasú agus a cheangal.</p> <p>2.6 sceitseáil tháirgeadh chun cabhrú le réamhfhoghlaim agus cinní dearaidh. Ósáid a bhaint as taighde a chuir scoláirí i láthair ar bhileog chun cabhrú lena dtonchar / smaointeoiríreacht.</p> <p>2.14, Gan ach an t-ábhar atá rugtha don tasc a úsáid chun an réiteach is fearr ina dtuairim a dhearadh agus a dhéanamh iarsmí an mheadí is lú diomach abhair</p> <p>Uile— breathnóireacht an mhúinteora</p> <p>Uile— brí Bileog obaire a chomhláin, uirlisí a úsáid go cruin agus go sábháilte sa cheardáin, eathnóireacht an mhúinteora</p> <p>MODHEOLAÍOCHTAÍ</p> <p>Obair grúpa</p> <p>CONAS A BHRAITHFIDH SCOLÁIRÍ NA TORTHAÍ FOGLAMA?</p> <p>2.4, 2.2, Comhrá Grúpa. Eolais riúntaíochta ar bith a pléadh as Ghruupa a úsáid chun cabhrú leo a scéalaí / smaoineamh agus cinní a chruith. Gairis – fóin / táblaíodh a úsáid i mbíerteanna chun taighde a dhéanamh ar réimsíne a bhí fail mios mór solais ag teastáil</p> <p>2.6, sceitseáil Ghruíunt chun a gcuid smaointe dearaidh a chur in iúl</p> <p>2.14, Ósáid spáreáisteach a dhaint as ábhar a chuireart ar fáil agus san am céanna freagra a thabhairt ar an bpointeoireachd dhearsaíodh 1.8, 1.9, an dearaidh eucu a thionróid trí phróisis agus scileanna a carnadh i dtonscasail roimhe seo a chur i bhfeidhm</p> <p>Measúinú</p> <p>Fionú an réitigh dhearsaíoch curtha i láthair le bileog obaire an scoláire</p> <p>MACHNAIMH:</p> <p>Clicéil ná téig anseo chun téacs a chur isteach.</p> <p>Eriúthra Gnímh</p>

Réasúnaíocht

Tugann gach ábhar sa réimse teicneolaíochta taithí dhifriúil don scoláire a chuireann lena oideachas in oideachas teicneolaíochta. Mar thoradh air sin, ní bhaineann scoláire a ullmhú don fhoghlaím sna hábhair theicneolaíochta le teagasc i dtreo na teicneolaíochta amháin ach i dtreo na scileanna atá bunúsach do na hábhair theicneolaíochta agus is féidir a aistriú chuig réimsí eile foghlama. Scileanna a spreagann an scoláire le fadhb a réiteach trí chruthaitheacht, nuálaíocht, cumarsáid, comhoibriú agus iniúchadh agus déantar gach ceann díobh sin a fhorbairt i dtimpeallacht ghníomhach foghlama ina bhféadfaidh an scoláire a chuid smaointe a chur chun cinn ón mbunsmaoineamh go baint amach.

Is ábhar é Teicneolaíocht Adhmaid a thugann deis don scoláire acmhainn nádúrtha thábhachtach a thagann ón nádúr a iniúchadh agus foghlaim fúithi. Tá caidreamh uathúil ag crainn agus ábhar adhmaid leis an dúlra agus an duine. Tá úsáid inbhuanaithe agus bainistíocht na hacmhainne nádúrtha seo tábhachtach mar go bhfuil dúshláin an 21ú haois le sárú againn. Ó ghnáthóga go foirgníocht nó ó chaithimh aimsire go cruthú ocsaigine, tá ról suntasach ag an acmhainn seo maidir le folláine ár bpláinéid. Chun na críche sin, tá sé tábhachtach go dtabharfaí deis do shaoránaigh a bheith ar an eolas faoin acmhainn seo, agus iniúchadh a dhéanamh ar a hoidhreacht agus ar a hinniúlacht mar ábhar don todhchaí.

I dteicneolaíocht adhmaid, déanfaidh an scoláire iniúchadh ar an domhan nádúrtha agus tógha trí mheán an dearaidh, ag lorg deiseanna chun an t-ábhar/acmhainn a chur i bhfeidhm go cruthaitheach agus go nuálach chun a thimpeallacht a chruthú agus a mhúnlú. Tá an-chuid nuálaíochta agus athruithe tagtha ar adhmad mar acmhainn ábhartha. Cruthaíonn dul chun cinn teicneolaíochta deiseanna suntasacha maidir le húsáid adhmaid a leathnú mar acmhainn do raon leathan feidhmeanna. Mar sin féin, ciallaíonn uathúlacht an ábhair agus na ceirde seo go bhfuil go leor de na feidhmeanna agus na próisis thraigisiúnta fós luachmhar, agus maireann a gcáil go fóill.

Beidh foghlaim san ábhar seo gníomhach agus sírithe ar an scoláire, le foghlaimeoí ag comhoibriú i dtreo an eolais agus i dtimpeallacht shábhálte an tseomra ranga teicneolaíochta. Trí na ndúshláin a bhaineann leis an bhfealsúnacht atá bunaithe ar dhearadh, forbróidh an scoláire an t-eolas, na scileanna agus na luachanna ábhartha chun smaointe a thabhairt ón mbunsmaoineamh go dtí cur i bhfeidhm ar bhealach a chuirfidh ar a chumas a bheith bríomhar, cruthaitheach agus nuálach.

Aidhm

Seo a leanas aidhmeanna na Teicneolaíochta Adhmaid sa tsraith shóisearach:

- a chur ar chumas an scoláire tuiscint choincheapúil, scileanna disciplíneacha agus an t-eolas riachtanach ar an ábhar a theastaíonn a fhorbairt chun déantán fhiúntacha a dhearadh agus a chruthú
- an scoláire a chumasú trí dhearadh agus trí dhéantúsaíocht, agus feasacht a fhorbairt maidir le hinbhuanaitheacht agus úsáid acmhainní nádúrtha
- réimse príomhscileanna dearaidh agus scileanna láimhseála ábhartha a fhorbairt trí adhmad agus ábhair eile a mhúnlú agus a phróiseáil
- muinín agus athléimneacht an scoláire a fhorbairt trí dhul i ngleic le neamhchinnteacht na ndúshlán a bhaineann le dearadh
- nuálaíocht agus cruthaitheacht an scoláire a spreagadh trí aitheantas agus léirthuiscent dá chumas nithe a dhearadh agus a chruthú.

Sonraíocht Theicneolaíochta Adhmaid, lgh.5

Nótaí:

Múinteoir Ranga:

Pleanáil do Theicneolaíocht an Adhmaid

Grúpa Ranga:

Aonad:

Fad:

Dáta Tosaigh:



Cad iad na chéad chéimeanna eile agam?

Nuir a rachaidh mé ar ais ar scoil amárach...

Sna míonna amach romhainn...

Ar an mbliain seo chugainn...

Cad iad na straitéisí nua a thiocfadh liom a úsáid i mo sheomra ranga?

Gluais na dTéarmáí

<p>Tortháí Foghlama: Is ráitis iad toortháí foghlama i sonraíochtaí curaclaim a chuireann síos ar an tuiscint, na scileanna agus na luachanna a ba chóir do scoláirí a bheith in ann a léiriú i ndiaidh tréimhse foghlama</p>	<p>Critéir Rathú: Tá nasc idir critéir ratha agus intinní foghlama. An múinteoir agus/nó na scoláirí a chumann iad agus cuireann siad síos ar an gcuimhne a bheadh ar iarracht rathúil. Cuidíonn siad leis an múinteoir agus leis an scoláire, breithíunaíl a dhéanamh ar chraigheán foghlama scoláirí.</p>
<p>Intinn Foghlama: Is intinn Foghlama: Is ráiteas é intinn foghlama do cheacht, nó do straith de cheachtanna, a chruaithaonn an múinteoir agus a chuireann síos go soiléir ar an bheith ar eolas ag scoiláirí, a thuigfidh siad nó a bheidh siad in ann a</p>	<p>Aonad Foghlama: Déanann aonad foghlama nasc idir na toortháí foghlama a chuireann síos go soiléir ar an eolas, an tuiscint, na scileanna agus na luachanna a ba chóir do scoláire a bheith ábalta a thaispeáint i ndiaidh tréimhse foghlama.</p>
<p>Measúnuithe Rangbhunaithe: Is é an cur síos is fearr ar na Measúnuithe Rangbhunaithe gurb iar na hócáidí iad nuair a dhéanann an múinteoir measúnú ar na scoláirí ag úsáid na dtascanna ar leith a bhíonn leagtha amach i sonraíochtaí an ábhair. Bíonn cur síos soiléir ar na tascanna, agus ar na critéir mheasúnaithe chun cabhrú le breithíunaíl an mhúinteora. Faigheanann critéir sna Gnéithe Cáiliúchta a bhíonn nasctha le gach measúnú Rangbhunaithe. Cé go bhfuil an measúnú seo cosúil leis an measúnú foirmitheach a tharlaíonn gach lá sa seomra ranga, i gcás an mheasúnaithe rangbhunaithe déantair breithíunaíl an mhúinteora a thaifead le haghaidh an Athbhreithnithe ar Fhoghlaím agus ar Mheasúnú Ábhair, agus úsáidtear é i dtuairisc na scoile chuirg na tuismitheoirí agus na scoláirí.</p>	<p>Measúnú: Beidh comhtháthú leanúnach an mheasúnaithe fhoirmitheach mar ghnáthchuid den teagasc agus den fhoghlaím i seomráí rang a mar bhonn agus mar thaca ag an tSraith Shóisearach. Sa mheasúnú foirmitheach déanann idir mhúinteoirí agus scoláirí machná mhár an gcaoi a bhfuil an fhoghlaím ag dul ar aghaidh agus socraíonn siad cad iad na chéad chéimeanna eile chun toortháí Rathúla a chinntí. Cuid dhlíl den mheasúnú foirmitheach is ea an t-aiseolas a thugann múinteoirí dá gcuid scoláirí. Trí réimse gníomhaiochtáí measúnaithe cabhraíonn an múinteoir leis an scoláire a ithint cad é atá bainte amach acu agus cén áit a bhfuil tulleadh foghlama agus forbarrha le déanamh. Chun an cineá foghlama a luaitear thusa a éascú, tiocfaidh forbairt ar ról an mhúinteora agus ar dhiniúmic an chaidrimh idir mhúinteoir agus scoláirí. Cuirfidi mhúinteoirí níos mó béim ar mheasúnú a shni isteach ina gcuid teagaisc ionas gur fearr an mhonatóireacht a dhéanfaidh siad ar an dul chun cinn i bhfoghlaím na scoláirí agus go n-aitheoidh siad conas is feidir leo cabhrú</p> <p>Measúnuithe Rangbhunaithe: Measúnú Rangbhunaithe. Cé go bhfuil an measúnú seo cosúil leis (Creat l.39)</p> <p>Foirmitheach: Measúnú foirmitheach a tharlaíonn gach lá sa seomra ranga, i (Creat l.37-38)</p>
<p>Gnéithe Cáiliúchta: Is ráitis iad na gnéithe cáiliúchta sna sonraíochtaí ábhar nó gearrchrúrsáí a chabhráonn leis an múinteoir breithíunaíl a dhéanamh ar cháiliúchtaí obair scoláirí chun gráid ghnáthchála a bhrónadh don teistiúchán. Ó tharla go mbíonn dlúthbhaint ag critéir ratha le hintinní foghlama agus go mbíonn siad bunaithe ar phróisis sa seomra ranga ó lá go lá, is de réir a chéile a léireodh foghlaim scoláirí na riachtanaí atá leagtha amach sna gnéithe cáiliúchta a úsáidtear le haghaidh teistíúcháin.</p>	<p>Proifíil Ghnáthchála na Sraithe Sóisearáí (PGSS): Beidh tuairisc sa PGSS ar ghnáthchálaí scoláire i ngach réimse cui foghlama lena n-áirítear Ábhair, Gearrchrúrsáí, Folláine, Aonaid Tosaíochta Foghlama agus Réimsí foghlama eile. Tarraingeoidh an PGSS as gnáthchálaí trasna na gnéithe measúnaithe uile agus beidh tuairisc intí fúthu sin, lena n-áirítear measúnú leanúnach, foirmitheach; Measúnuithe Rangbhunaithe agus gráid CSS a chumíonn tortháí ó scrúdúithe stáitísteáthu agus ó na Tascanna Measúnaithe. Beidh leagan amach ag an PGSS a shocrófar ar bhonn náisiúnta. Is í an scoil a chuirfidi le chéile í agus gheobhaidh na scoláirí san fhómhar tar éis an tríú bliain, nuair a bheidh na toortháí measúnaithe uile ón CSS agus ón scoil ar fáil agus clearbhaithe.</p>
<p>Measúnú Suimitheach: Is measúnú suimitheach a bhíonn i gceist nuair a úsáidtear é chun foghlaim scoláire a mheas ag deireadh an phróisis teagaisc nó tréimhse foghlama. Is í an aidhm atá leis achoimre a dhéanamh ar ghnáthchálaí na scoláirí agus a dhearbhú cé acu a léirigh na scoláirí cá mhéad a léiriú agus a thaispeáint i gcomparáid le na critéir ratha nó gnéithe cáiliúchta a comhaontaíodh.</p>	<p>Cruinnithe don Athbhreithníú ar Fhoghlaím agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ): Is gcruiinnithe don Athbhreithníú teoirí samplaí dá gcuid measúnuithe ar obair scoláirí a roinnt agus a phlé agus tiocfaidh siad ar chomhthuiscint faoi cháiliúchtaí foghlama scoláirí. Beidh gach cruinntí don Athbhreithníú ar Fhoghlaím agus ar Mheasúnú Ábhair sainiúil don ábhar agus díreoidh siad ar an Measúnú Rangbhunaithe a dhéanann an bliaingrúpa áiriú the sin.</p>

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior CYCLE for teachers

Sonraí Teagmhála

Oifig Riaracháin:

Ionad Oideachais Mhuineacháin,
Cnoc an Chonnaidh,
Br. Ard Mhacha,
Co. Mhuineacháin.

www.metc.ie

Oifig an Stiúrthóra:

BOOLM,
Sráid an tSéipéil,
Dún Dealgan,
Co. Lú

I gcomhair gach fiosrúcháin déan
teagmháil le:

info@jct.ie

Lean sinn ar Twitter:

[@JCforTeachers](https://twitter.com/JCforTeachers)

[@jct4ed](https://twitter.com/jct4ed)



Gabh ar ár liosta seachadta



Príomhshuíomhanna

Gréasáin:

www.jct.ie

www.curriculumonline.ie

www.ncca.ie

Cód MF – Foirm Aiseolais

